# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH MAIDIN, 9:30 – 12:00

Freagair **Ceist 1**, **Roinn A** agus **Roinn B**, agus **trí** cheist eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**

**ROINN A – 30 marc**

Freagair **sé cinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:



**(a)** Liostaigh **dhá** fheidhm **ar bith** a bhaintear as teicneolaíocht ladrann.

**(b)** Mínigh an téarma miotal *neamhfheiriúil*.


**(c)** Is foinse d'fhuinneamh in-athnuaite í an ghrian. Ainmnigh foinse **amháin** d'fhuinneamh neamh-in-athnuaite.



**(d)** Ainmnigh an uirlis mheaisín a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** is féidir a bhaint aisti.

**(e)** Mínigh an téarma *glanoiriúint* i dtaca le seafta agus poll de.

**(f)** Ainmnigh **dhá** ghléas aschuir sa ríomhaireacht.



**(g)** Luaigh feidhm **amháin** a bhaintear as an bpróiseas *múnlaithe trí instealladh*.

**(h)** Ainmnigh **gach** ceann de na siombailí sábháilteachta a thaispeántar.

**(i)**  **(ii)** 

**ROINN B – 35 marc**

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar phríomhphrionsabail oibríochta **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:



Ardán hiodrálach ardúcháin



Meicníocht raicín agus ceapachóra



Scrollsábh.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Bluetooth, Printéir tríthoiseach (3T), Néalteicneolaíocht, GPS.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *neart comhbhrúiteach* i dtaca le hairíonna miotal de **agus** luaigh feidhm **amháin** inar gá d'ábhar a bheith neartmhar agus é á chomhbhrú.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Lorg carbóin, Cró féin-ghlais, Preabsheamú, Dé-óid astaithe solais (LED).

**(m)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar agus luaigh feidhm oiriúnach **amháin** is féidir a bhaint aisti.



**Ceist 2.** **(45 marc)**


**(a)** **(i)** Ainmnigh na miotail a dhéantar i n**gach** ceann de na foirnéisí ar an liosta thíos:

- Foirnéis soinneáin
- Foirnéis chúpóile
- Stuafhoirnéis leictreach.

**(ii)** Agus léaráid oiriúnach mar chúnamh agat, déan cur síos ar oibríocht ceann **amháin** de na foirnéisí ar an liosta i g**Ceist 2(a)(i)** thuas.

**(b)** **(i)** Ainmnigh ábhar a bheadh oiriúnach do **gach** ceann de na **trí** pháirt a bhfuil lipéad orthu ar an gcairtín a thaispeántar thíos.

**(ii)** Tabhair cúis **amháin** chun **gach** ábhar ar leith a roghnú.




**(c)** Ainmnigh na *cóimhiotail* a dhéantar as **dhá cheann ar bith** de na meascáin seo a leanas:

**(i)** Copar agus sinc;

**(ii)** Luaidhe agus stán;

**(iii)** Copar agus stán.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar **gach** ceann de na próisis teaschóireála seo a leanas:

**(i)** Screamhchruachan;

**(ii)** Ainéaladh.

**(b)** **(i)** Déan cur síos ar **conas** a dhéantar *pointe* na lárphritile a thaispeántar a chruachan agus a fhaghairt.




**(ii)** Mínigh **cén fáth** ar gá pointe na lárphritile a thaispeántar *a faghairt*.

**(c)** Ainmnigh **dhá** bhall chosanta éadaí **ar bith** ba chóir a chaitheamh nuair a bhíonn *uisce* á úsáid mar fhuarthán agus teaschóireáil ar siúl.

**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Intuargainteacht, **(ii)** Neart teanntachta, **(iii)** Saotharchruachan.

**NÓ**


**(d)** **(i)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid a bhaint as an róbataic sa déantúsaíocht.

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid a bhaint as an róbataic sa déantúsaíocht.



**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **gach** ceann de na lasracha ocsaicéitiléine a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.





**(ii)** Luaigh comhréir na hocsaigine agus na haicéitiléine a theastaíonn le haghaidh **gach** ceann de na lasracha a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C** thuas.

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le bogshádráil:



**(i)** Iarann sádrála leictreach, **(ii)** Alt púsctha, **(iii)** Flosc, **(iv)** Ocsaídí.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



**(i)** Déan cur síos ar an bpróiseas ceangail ina n-úsáidtear an meaisín táthúcháin a thaispeántar.

**(ii)** Mínigh an téarma *poll tapáilmhéide.*

**(iii)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag *coscaire cúlsplaince* nuair a bhíonn trealamh ocsaicéitiléine á úsáid.


**(iv)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is gá a chomhlíonadh nuair a bhíonn greamacháin á n-úsáid chun ábhair a cheangal le chéile.




**(d)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach gloiní cosanta a bhfuil lionsaí dorcha iontu a chaitheamh nuair a bhíonn gástáthú ar siúl.

**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** Taispeántar dhá phróiseas déantúsaíochta le haghaidh earraí plaisteacha ag **A** agus **B**.



**A**



**B**

**(i)** Ainmnigh an próiseas déantúsaíochta le haghaidh earraí plaisteacha a thaispeántar ag **A** **agus** an próiseas déantúsaíochta le haghaidh earraí plaisteacha a thaispeántar ag **B**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na difríochtaí **is mó** idir próiseas **A** agus próiseas **B**.

**(iii)** I gcás **gach** próisis díobh, ainmnigh earra oiriúnach a dhéantar.

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le plaistigh:

**(i)** Teirmeaplaisteach;

**(ii)** Cuimhne leaisteach;


**(iii)** Plaisteach teirmithéachtach;

**(iv)** Umar le haghaidh tumbhratú le plaisteach.

**(c)** Ainmnigh feidhm oiriúnach is féidir a bhaint as **dhá cheann ar bith** de na plaistigh a leanas:

**(i)** Poileitiléin, **(ii)** Polaistiréin, **(iii)** PVC.

**(d)** Tá cábán an chairr a thaispeántar déanta as aicrileach. Déan cur síos ar phróiseas is féidir a úsáid chun na lúba ar an gcábán aicrileach a thaispeántar a dhéanamh.



**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Tabhair cúis **amháin** a n-úsáidtear sreabháin ghearrtha nuair a bhíonn meaisíniú ar siúl.



**(ii)** Tabhair cúis **amháin** a n-athraítear luas an chrágáin nuair a bhíonn meaisíniú á dhéanamh ar dheil láir.

**(iii)** Tabhair cúis **amháin** ar gá an uirlis ghearrtha ar dheil a bheith *i lár báire* sula ndéantar meaisíniú.



**(b)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na comhpháirteanna de dheil a thaispeántar.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**(c)** Taispeántar crágán a úsáidtear i ndeil láir.



**(i)** Ainmnigh an crágán seo.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** mhodh eile chun obair a choinneáil ar dheil láir.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** is gá a chomhlíonadh nuair a bhíonn crágán mar seo á úsáid.


**NÓ**

**(c)** Taispeántar deil CNC a úsáidtear le haghaidh teicneolaíocht CAD/CAM.

**(i)** Cad dó a sheasann na litreacha CAD/CAM?

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le teicneolaíocht CAD/CAM a úsáid sa tionsclaíocht.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** is gá a chomhlíonadh nuair a bhíonn deil CNC á húsáid.



**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas i dtaca le teorainneacha agus oiriúintí de:

**(i)** Bacoiriúint, **(ii)** Lamháltas, **(iii)** An teorainn íochtarach.


**(b)** Déantar cóimeáil poill agus seafta de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh: **(i)** Trastomhas ainmniúil an tseafta;

**(ii)** Íos-trastomhas an tseafta;

**(iii)** Uas-trastomhas an tseafta;

**(iv)** An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar chóimeáil an tseafta is lú agus an phoill is mó.




**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** uirlis a ainmníonn tú.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**




**(iv)**

**NÓ**

**(c)** **(i)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na comhbhaill leictreonacha a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** nó **D** orthu.

**(ii)** Luaigh feidhm **gach** ceann de na comhbhaill leictreonacha a d'ainmnigh tú.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

**LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2017**

**ENGINEERING - PRACTICAL**
**HIGHER and ORDINARY LEVELS**

**150 marks**

**2nd May - 12th MAY** **MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the drawing 2017. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Clamp** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 5 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out and drill. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 3, 4, 6, 7, 8, 11 and 12 have been made prior to examination day. Part 9 has been part-prepared. Using the screws, nut and washer supplied assemble the Clamp, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017**

**INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL**
**ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL**

**150 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **2 BEALTAINE - 12 BEALTAINE** | **MAIDIN:** | **10:00 go dtí 1:00** |
| | **TRÁTHNÓNA:** | **2:00 go dtí 5:00** |

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2017. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcach aerasóil a chur ar na páirteanna críochnaithe a dhéantar as **cruach bhog** (agus orthu sin **amháin**) chun meirg a chosc.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Clampa** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.


| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 5 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach agus a dhruileáil. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |

**Nóta:** **(i)** Rinneadh na páirteanna 3, 4, 6, 7, 8, 11 agus 12 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 9 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna, an cnó agus an leicneán a sholáthraítear, cóimeáil an Clampa faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL 2017. M74A(L1)

LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL





Nóta: Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Note: Hand up this examination paper to the Superintendent at the end of the examination.


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL


# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS



SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.




SECTION A-A




Nóta: Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.
Note: Hand up this examination paper to the Superintendent at the end of the examination.